Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Eanáir 2023
(OR. en)

15332/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0352(NLE)**

ACP 127
WTO 225
COAFR 351
RELEX 1611
AGRI 677
AGRIORG 129

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Svíníodh an Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile ('an Comhaontú')[1], sa Bhruiséil an 22 Eanáir 2009 de bhun Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle[2], agus cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón 4 Lúnasa 2014.

(2) Faoi théarmaí an Chomhaontaithe, is é Poblacht Camarún Páirtí na hAfraice Láir.

(3) De bhun Airteagal 92 den Chomhaontú, bunaítear Coiste CCE na hAfraice Láir-AE, atá le bheith freagrach as riarachán gach earnála a chumhdaítear sa Chomhaontú agus as na cúraimí uile dá dtagraítear ann a chomhlánú.

---

1 IO L 57, 28.2.2009, lch. 2.

2 Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Eatramhaigh d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (IO L 57, 28.2.2009, lch. 1).

(4) De bhun Airteagal 5 de Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE idir an tAontas agus an Afraic Láir a glacadh an 15 Nollaig 2016 le Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE[1], chun a chuid cúraimí a fheidhmiú go héifeachtúil, féadfaidh Coiste CCE na hAfraice Láir-AE fochoistí a chur ar bun, faoina údarás féin, a bheidh freagrach as ábhair éagsúla a láimhseáil faoin gComhaontú. Dá réir sin, is féidir le Coiste CCE na hAfraice Láir-AE Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú chun cuspóirí an Comhaontaithe a bhaint amach.

(5) Is iomchuí a bhunú an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla aige san Aontas.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, maidir le seasamh an Aontais a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú, ba cheart é a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO L 17, 21.1.2017, lch. 46.

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, maidir le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ó Choiste CCE in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*